# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Bitheolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# RÉAMHRÁ

1. Is treoir an scéim mharcála maidir le marcanna a bhronnadh i ndáil le freagraí iarrthóirí. Treoir achoimre chruinnbheacht atá inti agus í curtha le chéile d'fhonn a laghad focal agus is féidir a úsáid.
2. Ní foláir do na scrúdaitheoirí an scéim a leanúint go dlúth, mar a leagfar amach sna pointí seo a leanas, agus níl cead marcanna a bhronnadh i ndáil le freagraí nach dtagann faoi scáth na scéime seo.
3. Tá focail agus nathanna buntábhachta luaite sa scéim ar féidir marcanna a bhronnadh ar an iarrthóir ina leith. Ní fhágann sin nach bhfuil glacadh le focail ná nathanna comhchiallacha lena gcuirtear in iúl an rud céanna le freagra na scéime marcála.
4. Cé go bhfuil glacadh go ginearálta le focail chomhchiallacha, tharlódh cásanna ina n-éileofaí téarma cruinnbheacht eolaíochta faoin scéim agus nach mbeadh glacadh sa chás sin le téarmaí comhchiallacha nach saintéarmaí eolaíochta iad ná le téarmaí comhchiallacha ón ngnáthchaint.
5. In ndáil le freagraí sainiúla, d'fhéadfaí a áireamh sa scéim na focail "aon fhreagra bailí" agus bainfidh na scrúdaitheoirí leas as a mbreithiúnas gairmiúil le bailíocht an fhreagra a dhearbhú. Más ann d'amhras, ba cheart don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
6. Ní féidir marcanna a bhronnadh i ndáil le focal ná le frása buntábhachta, ach amháin má chuirtear i láthair é sa chomhthéacs ceart.
7. Má thagann chun aire an scrúdaitheora go bhfuil freagra bailí tugtha ag iarrthóir agus gan aon fhoráil leagtha amach sa scéim gur féidir glacadh leis an bhfreagra sin, ní mór don scrúdaitheoir dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach i dtosach báire roimh mharcanna a bhronnadh.

**FREAGRAÍ AR CEAL**

Seo a leanas sliocht as S63 *Treoracha do Scrúdaitheoirí 2014,7.3, lch 22.*

"Sa chás nach bhfreagraíonn iarrthóir ceist nó cuid de cheist ach aon uair amháin agus go gcuireann an t-iarrthóir an freagra ar ceal ina dhiaidh sin,
ba chóir neamhaird a dhéanamh den chur ar ceal agus plé leis an bhfreagra ar nós nár chuir an t-iarrthóir ar ceal é."

e.g. *Ceist:* Cad is pailniú ann?

Scéim Mharcála: aistriú pailine / ón antar / go dtí an stiogma **3(3) mharc**

*Freagra Samplach*: ~~aistriú pailine / ar fheithid / go dtí an stiogma~~

Tá an freagra curtha ar ceal ag an iarrthóir agus <u>níor thug an t-iarrthóir iarracht eile</u> an cheist a fhreagairt agus is féidir 2(3) mharc a bhronnadh.

**FREAGRAÍ FARASBAIRR**

**I Roinn A cuirtear na marcanna a bhronntar i leith freagra ceart ar ceal sa chás go dtugtar freagra farasbairr atá contráilte.**

e.g. *Ceist:* Tá ballaí soithigh xiléime treisithe le ……………………

Scéim Mharcála: lignin **4 mharc**

*Freagraí samplacha:*

(i) citin, lignin – tá freagra farasbairr tugtha agus é mícheart, dá réir sin gnóthaíonn an t-iarrthóir , 4 – 4 mharc = 0.

(ii) ~~lignin~~ – tá an freagra, atá ceart, curtha ar ceal, ach níl aon fhreagra breise ná freagra farasbairr tugtha, dá réir sin is féidir 4 mharc a bhronnadh ar an iarrthóir.

(iii) lignin, ~~citin~~ – tá freagra farasbairr tugtha, agus é mícheart, ach tá sé curtha ar ceal. Thug an t-iarrthóir níos mó ná freagra amháin ach is féidir glacadh leis an gcur ar ceal agus is féidir 4 mharc a bhronnadh ar an iarrthóir.

(iv) ~~lignin~~, citin – tá an freagra ceart curtha ar ceal agus freagra mícheart curtha ina áit agus mar sin ní bhronntar marcanna ar bith ina leith.

**I Roinn B agus i Roinn C, nuair a éilítear líon áirithe pointí,** agus nuair a fhreagraíonn an t-iarrthóir trí liosta roghanna a thabhairt, ní chuirfidh an scrúdaitheoir ach an chéad cheann, an chéad dá cheann, nó na chéad trí cinn san áireamh (mar is iomchuí) fiú má tá freagra ceart ann níos faide ar aghaidh sa liosta.

**GNÁSANNA NA SCÉIME MARCÁLA**

1. Na focail agus frásaí a dtugtar marcanna ina leith, scartar iad le soladas ( / ).
2. Luaitear an marc a bhronntar i ndáil le freagra faoi chló trom in aice leis an bhfreagra.
3. Sa chás go bhfuil níos mó ná cuid amháin i bhfreagra, luaitear an marc a bhronntar i ndáil le gach cuid den fhreagra idir lúibíní e.g. ciallaíonn **5 (4)** go bhfuil cúig chuid ag baint leis an bhfreagra agus go gcuirtear 4 mharc i leith gach cinn acu sin.
4. Ní móide go gcuirfí marc áirithe i leith fhreagra gach fochoda de cheist;
   e.g. d'fhéadfadh sé fhochuid a bheith ag baint le ceist – (a), (b), (c), (d), (e), (f) – agus 20 marc curtha i leith na ceiste sin san iomlán. Tharlódh gur mar seo a leanas a bheadh an scéim mharcála: **2 (4) + 4 (3).** Ciallaíonn sin go mbronntar 4 mharc an ceann i leith an chéad dá fhreagra chearta agus gur 3 mharc an ceann a bhronntar i leith gach freagra chirt ina ndiaidh sin.
5. Aon fhocal, téarma nó frása a luaitear idir lúibíní, ní gá go mbeadh sin sa fhreagra agus tugtar é chun an freagra a chur i gcomhthéacs.
6. I Roinn C, ná léigh aon rud a d’fhéadfadh a bheith scríofa ag an iarrthóir ar an gceistpháipéar mura dtagraíonn an t-iarrthóir, sa fhreagarleabhar, go sonrach do chuid áirithe de cheist a freagraíodh áit a bhfuil an cheist ar an gceistpháipéar.
7. Úsáidtear lúibíní cearnógacha nuair atá aird an scrúdaitheora á díriú ar threoir maidir le freagra nó ar cháiliúchán éigin maidir leis an bhfreagra.

## Roinn A

**Freagair cúig cheist ar bith**

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **1** | | | | **2(7)+3(2)** |
| | **(a)** | | Iasc | |
| | **(b)** | | Fás nó deisiú nó einsímí nó hormóin nó antasubstaintí nó aon sampla ainmnithe díobh (a dhéanamh). | |
| | **(c)** | | Iaidín | |
| | **(d)** | | Gormdhubh | |
| | **(e)** | | Tuaslagóir nó iompar nó meán le haghaidh imoibrithe nó imoibreán. | |
| | **(f)** | | Otracht nó ardbhrú fola nó Iatacht (snáithín íseal) nó easpa vitimíní nó easpa mianraí nó colaistéaról ard nó artairí blocáilte. | |
| | | | | |
| **2** | | | | **6(3) +2** |
| | **(a)** | | FÍOR | |
| | **(b)** | | FÍOR | |
| | **(c)** | | BRÉAGACH | |
| | **(d)** | | FÍOR | |
| | **(e)** | | BRÉAGACH | |
| | **(f)** | | FÍOR | |
| | **(g)** | | FÍOR | |
| | | | | |
| **3** | | | | **6(3) +2** |
| | **(a)** | | A = Faighin B = Broinn nó Útaras<br>C = Ubhagá D = Feadán Fallópach nó Ubhaducht | |
| | **(b)** | | Uibheacha nó hormóin (éastraigin, próigeistéarón) a tháirgeadh | |
| | **(c)** | | Blocáil na bhfeadán Fallópach nó cúiseanna hormónacha nó gan a bheith in ann ubhsceitheadh nó barraíocht aclaíochta. | |
| | **(d)** | | An bhroinn nó an t-útaras nó an t-inmheitriam / líneáil na broinne nó an útarais nó 'E' | |
| | | | | |
| **4** | | | | **5(4)** |
| | **(a)** | | Duille | |
| | **(b)** | | Fás *in vitro* | |
| | **(c)** | | Orgán | |
| | **(d)** | | Nódú craicinn | |
| | **(e)** | | Deirmeach | |
| | | | | |
| **5** | | | | **6(3)+2** |
| | **(a)** | | Slat = B Cocais = C Bís = A | |
| | **(b)** | | Déscoilteadh | |
| | **(c)** | | Gluaiseacht | |
| | **(d)** | | e.g. Galair nó lobhadh bia nó galar ainmnithe | |
| | **(e)** | | e.g. Iógart nó cáis nó táirgeadh antaibheathach | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **6** | | | | **4(3) + [3+3(1)] + 2** |
| | **(a)** | | (Staidéar ar an ngaol idir) orgánaigh agus a dtimpeallacht | |
| | **(b)** | **(i)** | Sionnach | |
| | | **(ii)** | Féar | |
| | | **(iii)** | Coinín | |
| | | **(iv)** | Cruth ceart na léaráide agus orgánaigh ainmnithe (*Gach leibhéal = 1 phointe*) | **[3 + 3(1)]** |
| | | **(v)** | e.g. Thiocfadh méadú ar líon na gcoiníní | |
| | | | | |
| | | | **Roinn B**<br>**Freagair dhá cheist ar bith.** | |
| **7** | | | | |
| | **(a)** | | | **5 + 1** |
| | | **(i)** | Dhá chotailéadón nó dhá shíolduille (i ngach síol) | |
| | | **(ii)** | Iompar nó sampla d'Iompar nó tacaíocht | |
| | **(b)** | | | **6(3)+[3+(3(1)]** |
| | | **(i)** | Ainm an phlanda [*Ná glac le* crann fásta] | |
| | | **(ii)** | Níos éasca le gearradh | |
| | | **(iii)** | Slisne caol (a ghearradh) / a chur in uisce nó a ruaimniú, ar shleamhnán | 2 phointe |
| | | | | |
| | | **(iv)** | Solas nó scáthán a chasadh air / lionsa ísealchumhachta nó fócas garbh | 2 phointe |
| | | **(v)** | Léaráid (ciorcal nó teascóg le bearta) + 3 lipéad | [3+3(1)] |
| | | | | |
| **8** | | | | |
| | **(a)** | | | **5 + 1** |
| | | **(i)** | Briseadh síos bia | |
| | | **(ii)** | Stáirse | |
| | **(b)** | | | **8(3)** |
| | | **(i)** | Stáirse (agar) nó bainne (agar) | |
| | | **(ii)** | Fiuchadh iad | |
| | | **(iii)** | Chun na síolta a mharú nó chun einsímí a scriosadh nó chun a bheith ina chóimheas | |
| | | **(iv)** | (Síolta) steirilithe / aghaidh síos ar an agar | 2 phointe |
| | | | Iaidín nó tuaslagán dé-úiréite a chur leis an bpláta | |
| | | **(v)** | 1. Iompaíonn an pláta gormdhubh nó corcra ach amháin i gcás go raibh na síolta ina luí nó bhí sé geal faoi na síolta | |
| | | | 1. Paistí geala san agar faoi na síolta | |
| | | | 2. d'iompaigh an t-agar gormdhubh nó corcra | |
| | | | 2. Níor athraigh an t-agar leis na síolta cóireáilte (fiuchta) (gormdhubh / corcra) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **9** | | | | |
| | **(a)** | | | **5 + 1** |
| | | **(i)** | Ais-sruthú (fola) a chosc | |
| | | **(ii)** | Seipteam | |
| | **(b)** | | | **6(3) +[3+3(1)]** |
| | | **(i)** | Tá an taobh clé níos crua nó níos tibhe | |
| | | **(ii)** | Sceanóg [*Glac le* siosúr] | |
| | | **(iii)** | Gearradh / taobh clé / taobh deas | 3 phointe |
| | | **(iv)** | Comhlaí corránacha | |
| | | **(v)** | Léaráid agus 3 lipéad ainmnithe | [3+3(1)] |
| | | | | |
| | | | **Roinn C**<br>**Freagair ceithre cheist ar bith.** | |
| **10** | | | | |
| | **(a)** | | | **7 + 2(1)** |
| | | **(i)** | Tá na hailléilí difriúil | |
| | | **(ii)** | Rialaíonn sé gnéas an orgánaigh | |
| | | **(iii)** | Dhá thacar crómasóm nó crómasóim i bpéirí | |
| | **(b)** | | | **9(3)** |
| | | **(i)** | Tuismitheoirí: dd agus Dd | 2 phointe |
| | | **(ii)** | Gaiméítí: (d) (D) (d) | 3 phointe |
| | | **(iii)** | Géinitíopaí an tsleachta: Dd dd | 2 phointe |
| | | | Feinitíopaí comhfhreagracha: dubh bán | 2 phointe |
| | **(c)** | | | **8(3)** |
| | | **(i)** | Crómasóm | |
| | | **(ii)** | 1: Dhá cheann | |
| | | | 2: Méóis | |
| | | **(iii)** | 1: Atáirgeadh | |
| | | | 2: Orgánach aoncheallach ainmnithe | |
| | | **(iv)** | Géin nó crómasóm nó DNA | |
| | | **(v)** | Seiceáil nó tástáil (DNA) / le haghaidh géine | 2 phointe |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **11** | | | | |
| | **(a)** | | | **7 + 2(1)** |
| | | **(i)** | *Aibitheach:* (tosca) neamhbheo | |
| | | **(ii)** | *Eidifeach:* (Bainteach le) ithir | |
| | | **(iii)** | *Gnáthóg:* Áit ina gcónaíonn an t-orgánach | |
| | **(b)** | | | **9(3)** |
| | | **(i)** | An Afraic Theas nó an Namaib | |
| | | **(ii)** | Mánna oscailte tirime nó scrobarnach / líonra uachaisí | |
| | | **(iii)** | Orgánach a mharaíonn / creach nó a mharaíonn / le hithe nó a mharaíonn / le haghaidh bia | 2 phointe |
| | | **(iv)** | Itheann siad ainmhithe agus plandaí nó fungas | |
| | | **(v)** | An scairp | |
| | | **(vi)** | Plandaí agus ainmhithe agus fungais | |
| | | **(vii)** | Bíonn an chuma orthu go mbíonn siad san airdeall, bíonn siad ina seasamh nó cluasa móra nó srón mór nó súile móra | 2 phointe |
| | **(c)** | | | **8(3)** |
| | | **(i)** | Dhá fhadhb ar bith, e.g. boladh, mímhaiseach, míolra, galar, truailliú, dumpáil neamhdhleathach | 2 phointe |
| | | **(ii)** | Laghdú nó athúsáid nó athchúrsáil – dhá cheann ar bith | 2 phointe |
| | | **(iii)** | Comhaireamh / uimhreacha / líon | |
| | | **(iv)** | Cuadraí / randamach nó conas a baineadh amach / comhaireamh / an líon amanna | 3 phointe |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **12** | | | | |
| | **(a)** | | | **7 + 2(1)** |
| | | **(i)** | Solas nó uisce nó domhantarraingt nó teagmháil nó ceimiceáin nó teocht | 2 phointe |
| | | **(ii)** | Fás i dtreo an spreagtha / ar shiúl ón spreagadh, e.g. fótatrópacht | |
| | **(b)** | | | **9(3)** |
| | | **(i)** | A = Inchinn    B = Corda an dromlaigh [*Glac le* dromlach] | 2 phointe |
| | | **(ii)** | Néarón céadfach / néarón luadrach / idirnéarón (néarón seachadta) | 2 phointe |
| | | **(iii)** | 1. Scoilt shionapsach [*Glac le* sionapsa]<br>2. Tarchuradóir(í) néarógach(a) nó ainm | 2 phointe |
| | | **(iv)** | *Neamhord ainmnithe:* e.g. galar Parkinson | |
| | | **(v)** | *Cúis:* easpa dopaimín | |
| | | **(vi)** | *Cóireáil:* drugaí | |
| | **(c)** | | | **8(3)** |
| | | **(i)** | Leibhéal iomarcach saille sa chorp [*Glac le* hardinnéacs corpmhaise] | |
| | | **(ii)** | Gan ducht nó gan feadá(i)n | |
| | | **(iii)** | Abdóman nó faoin ngoile nó in aice an dúidéineam | |
| | | **(iv)** | San fhuil nó sa limfe | |
| | | **(v)** | 1. Easpa insline nó inslin gan a bheith ag feidhmiú nó géinitic [*Glac le cúiseanna a thugtar i réamhrá na ceiste*] | |
| | | | 2. e.g. Tart, tuirse, ardleibhéal siúcra fola nó leibhéal íseal siúcra fola | 2 phointe |
| | | | 3. e.g. Instealltaí insline / bainistíocht chothaithe / aclaíocht | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **13** | | | | |
| | **(a)** | | | **7 + 2(1)** |
| | | **(i)** | 1. *Fótaisintéis:* anabalacht | |
| | | | 2. *Riospráid:* catabalacht | |
| | | **(ii)** | Solas nó solas na gréine | |
| | **(b)** | | | **9(3)** |
| | | **(i)** | Clóraifill | |
| | | **(ii)** | Clóraplast | |
| | | **(iii)** | Stóma(í) | |
| | | **(iv)** | Dé-ocsaíd charbóin [*Glac le* galuisce] | |
| | | **(v)** | Prótóin (iain hidrigine) / leictreoin / ocsaigin | 3 phointe |
| | | **(vi)** | Níos mó (déine nó uaireanta) solais / níos mó dé-ocsaíd charbóin / níos mó teasa | 2 phointe |
| | **(c)** | | | **8(3)** |
| | | **(i)** | Fuinneamh (a scaoileadh) / ó bhia | 2 phointe |
| | | **(ii)** | Aeróbach / anaeróbach | 2 phointe |
| | | **(iii)** | Anaeróbach [*Glac le* haeróbach] | |
| | | **(iv)** | Beagán (mórán) [*caithfidh na codanna iv, v agus vi (iii) a mheaitseáil*] | |
| | | **(v)** | Aigéad lachtach i gcás riospráid anaeróbach (aigéad piorúvach i gcás riospráid aeróbach) | |
| | | **(vi)** | D'fhéadfadh sé briseadh síos nó idirleathadh ar shiúl nó aistriú ina shaill (riospráid aeróbach) | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **14** | | | | |
| | **(a)** | | | **10(3)** |
| | | **(i)** | A = Bícéips B = Trícéips | 2 phointe |
| | | **(ii)** | Oibríonn siad os comhair a chéile | |
| | | **(ii)** | Teannáin | |
| | | **(iv)** | Crapann na bícéips / bogann na trícéips | 2 phointe |
| | | **(v)** | Ailt | |
| | | **(vi)** | 1. Neamhord ainmnithe | |
| | | | 2. Cúis | |
| | | | 3. Cóireáil | |
| | | | | |
| | **(b)** | | | **10(3)** |
| | | **(i)** | Pataigin | |
| | | **(ii)** | e.g. Craiceann nó fabhráin nó aigéad goile nó deora nó fuilchealla bána nó fuiltéachtadh | 2 phointe |
| | | **(iii)** | 1. *Imdhíonacht gníomhach:* táirgeann (corp) antasubstaintí *Imdhíonacht éighníomhach:* tugtar nó riartar antasubstaintí (táirgthe ag orgánach eile).<br>2. Gníomhach | 3 phointe |
| | | **(iv)** | Dhá shampla de ghalar | 2 phointe |
| | | **(v)** | Dáileog / pataigine nach mbíonn ina cúis le galar | 2 phointe |
| | | | | |
| | **(c)** | | | **10(3)** |
| | | **(i)** | A = Péineas B = Úiréadra C = Ducht speirme nó Vas deferens | 3 phointe |
| | | **(ii)** | Téististéarón nó hormón falacailspreagthach (FSH) nó hormón lúitéinitheach (LH) | |
| | | **(iii)** | Leacht a scaoileadh nó speirm a chothú nó tacú le speirm | |
| | | **(iv)** | Bíonn táirgeadh speirme níos fearr má bhíonn sé níos fionnuaire | |
| | | **(v)** | D nó uiríocha | |
| | | **(vi)** | Cosc a chur ar thoircheas | |
| | | **(vii)** | *Dhá mhodh:* bacainn (nó ainmnithe, e.g. coiscín) / piollaire (frithghiniúnach) / máinliach (nó ainmnithe, e.g. vaiseachtóime) / staonadh | 2 phointe |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **15** | | | | |
| | **(a)** | | | **10(3)** |
| | | **(i)** | A = Reitine B = Lionsa | 2 phointe |
| | | **(ii)** | *Ainm:* imreasc<br>*Feidhm:* an méid solais a théann isteach sa tsúil a rialú | 2 phointe |
| | | **(iii)** | Cruth a chur ar an tsúil nó tacaíocht a thabhairt don lionsa nó solas a tharchur | |
| | | **(iv)** | Solas tríd an gcoirne / mac imrisc / lionsa / ceartú / fócas / ar an reitine / slatchealla / cónchealla / néar-ríog / néaróg optach | 5 phointe |
| | | | | |
| | | | | |
| | **(b)** | | | **10(3)** |
| | | **(i)** | Ocsaigin | |
| | | **(ii)** | Scairt / matáin idireasnacha | 2 phointe |
| | | **(iii)** | Crapann na matáin idireasnacha / le creat na n-easnacha a bhogadh aníos agus amach / crapann an scairt nó bogann sí anuas / méadaíonn (toirt) na scamhóg / laghdaíonn an brú / tagann aer isteach | 4 phointe |
| | | **(iv)** | 1: Neamhord ainmnithe | |
| | | | 2: Cúis | |
| | | | 3: Cóireáil | |
| | | | | |
| | **(c)** | | | **10(3)** |
| | | **(i)** | 1. Dath dearg | |
| | | | 2. Cosc a chur ar ghalú | |
| | | **(ii)** | Fréamhribí | |
| | | **(iii)** | Osmóis | |
| | | **(iv)** | Cailliúint (gal)uisce trí dhuillí planda | |
| | | **(v)** | 1. Ceimiceáin a rialaíonn an fás (i bplandaí) | |
| | | | 2. Dhá shampla (laistigh den phlanda nó mar úsáidí tráchtála) | 2 phointe |
| | | **(vi)** | *Dhá oiriúnú:* e.g. ciseal céiriúil nó oscailt agus dúnadh stómaí nó dealga nó gathanna | 2 phointe |

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán